AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS (BNLO)

AIGHNEACHT RÉAMH-BHUISÉID 2006
Ag léiriú Dhrochthoradh na hAsláithreachta Scoile

1. Leanaí as Láthair ón Scoil: Na Fíricí

Léiríonn aischuir bhliantúla scoile chuig an BNLO méid na faidhbe maidir le hasláithreacht scoile. Léiríonn na haischuir, cé go bhfuil an fhadhb níos mó i limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch, gur fadhb uilíoch í atá ag dul i gcion ar scoileanna i ngach cearn den tír.[1]

- Bíonn 10% de dhaltaí bunscoile (tuairim is 47,000 dalta) as láthair ón scoil ar feadh breis is 20 lá gach bliain nó 11% den scoilbhliain.
- Bíonn 19% de dhaltaí iarbhunscoile (tuairim is 37,000 dalta faoi 16) as láthair ón scoil ar feadh breis is 20 lá gach bliain nó 12% den scoilbhliain.
- Bíonn gach dalta bunscoile as láthair ón scoil ar feadh 10 lá den scoilbhliain ar an meán; sna limistéir uirbeacha faoin míbhuntáiste is mó bíonn gach dalta as láthair ón scoil ar feadh 17 lá ar an mean.
- Bíonn gach dalta iarbhunscoile as láthair ón scoil ar feadh 14 lá i rith na scoilbhliana; sna limistéir faoin míbhuntáiste is mó bíonn gach dalta as láthair ón scoil ar feadh 21 lá ar an mean.

Taispeánann anailís ar asláithreacht ar ghrúpa samplach daltaí a bhí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó go bhféadfadh breis is trian díobh a bheith as láthair ar feadh 40 lá, ar a laghad.[2]

Tá sonraí breise faoi leibhéil freastail agus neamhfhreastail scoile i 2004/2005 ar fáil in Aguisín 1.

2. Asláithreacht agus Coinneáil Scoile

Léiríonn staitisticí a tháinig ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta le déanaí chomh forleathan is atá luathfhágáil scoile.[3] Ábhar imní ar leith is ea an líon leanaí atá ag fágáil na scoile faoi bhun na haoise reachtúla fágála scoile, agus gan cáilíochtaí ar bith acu.

Tá an asláithreacht ar cheann de na tosca is láidre a bhaineann le luathfhágáil scoile.[4] Tá treise an cheangail seo idir a bheith as láthair ón scoil agus luathfhágáil scoile deimhnithe i gcúpla staidéar taighde.

---

[1] Sonraí Freastail Scoile ag leibhéil bunscoile agus iarbhunscoile 2004/2005. BNLO, D. Fómhair 2005.
[2] MORI *Research Project on School Attendance*. BNLO (fós le foilsiú).
[3] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta *Retention Rates of Pupils in Second level Schools.* M. Fómhair 2005.
[4] Morgan, M. *Early School Leaving Interventions: International Comparisons*. Combat Poverty Agency, 1998.

3. Drochthoradh Sóisialta agus Eacnamaíoch na hAsláithreachta

Bíonn drochthoradh tromchúiseach ar an asláithreacht do dhaoine aonair, do theaghlaigh, don Stát, agus do mhúinteoirí agus scoileanna. Chomh maith leis sin, bíonn drochthoradh suntasach air do dhaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil go rialta.

An drochthoradh do dhaoine aonair agus do theaghlaigh

Is minic gur leibhéil arda asláithreachta faoi deara drochthorthaí ratha agus oideachasúla. Is iomaí fianaise i scríbhinn atá ann ar an drochthoradh atá ar luathfhágáil scoile do dhaoine aonair, ó thaobh chaighdeán na ndeiseanna a bhíonn acu sa saol.

Fiú agus iad fós ar scoil, tugann taighde BNLO le fios gur féidir le daltaí a bhíonn as láthair ón scoil ar feadh tréimhsí fada an drochthoradh sóisialta agus mothúchánach a bhrath toisc iad a bheith scoite amach óna gcomhscoláirí agus ón bhfoireann.

Ar na drochthorthaí a bhraitheann tuismitheoirí na leanaí leis an neamhfhreastal ainsealach tá brú, fadhbanna sláinte agus asláithreacht ón obair agus iad ag iarraidh dul i ngleic le fadhbanna freastail scoile a leanaí.

Go hiondúil ní fhilleann na leanaí a fhágann an scoil go luath ar oideachas ina dhiaidh sin agus dá bhrí sin bíonn siad faoi mhíbhuntáiste don chuid eile dá saol fásta.

An drochthoradh don tsochaí agus don Stát

Ar na drochthorthaí don Stát agus don tsochaí tá an chailliúint toisc an méid a d'fhéadfadh na daoine óga seo a dhéanamh i rith a saolta, leibhéil níos airde sochair stáit á dtarraingt anuas, seans níos mó go mbeadh na daoine seo páirteach i ngníomhaíocht fhrithshóisialta agus i gcoiriúlacht, agus sláinte fhisiceach agus meabhair-shláinte níos measa.

Beidh claonadh ag leibhéil arda asláithreachta laghdú ar an tionchar atá ag infheistiú an Stáit san oideachas, agus, go háirithe, an t-infheistiú sna bearta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

Drochthoradh do mhúinteoirí, do scoileanna agus do dhaltaí le dea-thinreamh

Tá drochthoradh suntasach i gceist do mhúinteoirí agus do scoileanna, ó thaobh am caite le himscrúduithe asláithreachta, agus ó thaobh oibriú chun méid na hasláithreachta a laghdú agus am caite ag cuidiú le daltaí a bhíonn as láthair na bearnaí ina gcuid oideachais a líonadh. Téann sé i gcion ar dhaltaí a fhreastalaíonn ar an scoil go rialta chomh maith, toisc go mbíonn gá am ranga a úsáid chun cuidiú leo siúd a bhí as láthair ón scoil.

4. BNLO: Infheistiú sa Rannpháirtíocht Scoile agus sa Fhreastal Scoile

Na dualgais dhlíthiúla ar an BNLO
Tá dualgas reachtúil ar an BNLO a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil nó go gcuirtear oideachas ar an leanbh sin ar bhealach eile. Go háirithe, tá ról lárnach ag an mBord cúram leantach a dhéanamh de leanaí nach bhfuil ag freastal ar an scoil go rialta, agus nuair atá imní ann faoi leas oideachais an linbh sin.

Céard atá á fháil ar ais ar infheistiú an Stáit?

Is féidir cás láidir eacnamaíoch agus sóisialta a dhéanamh don infheistiú i gcláir chun cosc a chur ar asláithreacht, chun freastal scoile a chothú agus chun tacú leis na teaghlaigh a bhfuil fadhbanna acu a leanaí a chur ar scoil, toisc go bhfuil drochthoradh suntasach ar asláithreacht agus luathfhágáil scoile.

Cuideoidh an t-infheistiú a dhéanann an Stát i bhforbairt chumais an Bhoird an t-uasfhreastal scoile a bhaint amach agus laghdú ar luathfhágáil scoile leis na nithe seo a leanas:

- Laghdú ar luathfhágáil scoile agus daingniú ar choinneáil scoile.
- Laghdú ar chaillteanais shóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le drochfhreastal agus le luathfhágáil.
- An leas is fearr a bhaint as an infheistiú ollmhór san oideachas, agus go háirithe, laghdú ar mhíbhuntáiste oideachasúil.
- Cur le luach an infheistithe go dtí seo in obair an Bhoird.
- A chinntiú gur féidir leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh i leith leanaí faoin reachtaíocht agus freastal ar an éileamh ar a sheirbhísí a thagann ó leanaí, ó theaghlaigh agus ó scoileanna.

An dul chun cinn atá déanta ag an mBord

Ón uair a bunaíodh an BNLO i 2002, tá úsáid bainte aige as a chuid acmhainní d'fhonn a sheirbhís a fhorbairt ag cúpla leibhéal, lena n-áirítear an tSeirbhís Leasa Oideachais a chur ar bun, seirbhís tacaíochta a fhorbairt, sonraí a bhailiú agus a anailísiú le haghaidh pleanála, taighde agus pleanáil straitéiseach. Ar na réimsí lárnacha ina ndearnadh dul chun cinn tá bearta sna réimsí seo a leanas:

- Struchtúr réigiúnach curtha ar bun, le cúig réigiún timpeall na tire.
- 73 ball foirne Leasa Oideachais i mbun poist, ag soláthar seirbhísí i 26 suíomh, agus astu siúd osclaíodh ocht (8) i 2005.
- Próiseas measúnaithe agus clárúcháin curtha ar bun do leanaí i mbunscoileanna neamhspleácha agus do leanaí a bhfuil oideachas á chur orthu sa bhaile. Go dtí seo, cuireadh i gcrích 136 measúnú agus clárúchán leanaí aonair.
- Cuireadh ar bun an Chabhairlíne Oideachais Lóghlao do thuismitheoirí agus do scoileanna, a dhéileálann le breis is 5,000 glaoch gach bliain.
- Thángthas ar réiteach i nach mór 20,000 cás ina raibh fadhbanna freastail scoile ag daltaí ó Eanáir 2000.

- Eisíodh treoir chuig gach scoil agus cuirtear síos sa treoir sin ar na socruithe do thuairisciú ar asláithreachtaí dalta. Cuireadh suíomh gréasáin náisiúnta ar bun chun tacú le scoileanna sna cúrsaí seo.
- Cuireadh clár Taighde Cuimsitheach sa tsiúl.
- Ceapadh an Plean Straitéiseach 'Is Fiú gach Lá' chun an Bord a threorú ina fhorbairt don tréimhse 2005-2007.

Tuilleadh eolais ar obair an BNLO in Aguisín[2]

Fócas Straitéiseach an Bhoird

Tá fócas soiléir ag an BNLO chun é a threorú agus é i mbun forbartha. Is í aidhm Phlean Straitéiseach 2005-2007 an Bhoird ná eagraíocht láidir a chruthú ar féidir leis a dhualgas i leith leanaí, scoileanna agus teaghlaigh a chomhlíonadh. Seo a leanas na Spriocanna Straitéiseacha ar ghlac an Bord leo:

- Straitéis choisctheach a chur i bhfeidhm a chothóidh cultúr freastail scoile agus rannpháirtíochta i measc leanaí agus teaghlaigh.
- Cás láidir bunaithe ar fhianaise a chur faoi bhrád an Rialtais chun tús áite a thabhairt do riachtanais daonchumhachta an Bhoird, chun cur lena chumas agus chun a chur ar a chumas seirbhísí leasa oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar.
- Comhpháirtíocht láidir agus cleachtais oibre comhoibritheacha a chothú le heagraíochtaí stáit agus pobail, agus cur leis an tsineirgíocht le hinfheistiú oideachasúil eile, go háirithe i limistéir faoi mhíbhuntáiste
- A chinntiú go mbaintear an fónamh is fearr as acmhainní agus bearta idirghabhála chun an toradh is fearr is féidir a ghnóthú do leanaí, trí pholasaí agus cleachtas a bhunú ar fhianaise
- Eagraíocht oiliúint-dhírithe a bheith ann, chun tacú leis an bhfoireann agus chun an fhoireann a fhorbairt

5. Na Dúshláin atá i ndán don BNLO

Eagraíocht atá ag forbairt

Tá an BNLO fós i mbun forbartha mar eagraíocht. Cibé scéal é, tá riachtanais ag an gcohórt ollmhór leanaí nach bhfuil oideachas á chur orthu atá i bhfad níos fairsinge ná na riachtanais ar féidir leis an eagraíocht freastal orthu faoi láthair. Tá líon na ndaltaí atá i dteideal seirbhís ón BNLO faoi théarmaí na reachtaíochta i bhfad níos mó ná an líon a bhfuil sé d'acmhainn ag an BNLO freastal air.

Tá an cóimheas idir Oifigeach Leasa Oideachais agus pobal scoile go mór faoi bhun na norm idirnáisiúnta; toisc go bhfuil ar Sheirbhís Leasa Oideachais an Bhoird tús áite a thabhairt do leanaí leis na leibhéil is suntasaí asláithreachta, d'fhéadfadh seirbhís fhrithghníomhach a theacht chun cinn, seachas an tseirbhís réamhghníomhach a rabhthas ag súil leis san Acht Oideachais (Leas) 2000.

Cásanna den neamhfhreastal ainsealach

De réir dlí tá sé de cheangal ar an mBord freagairt do leibhéil áirithe neamhfhreastail scoile. Bíonn sé deacair ar an bhfoireann Leasa Oideachais freastal ar na héilimh seo sna limistéir is mó faoi mhíbhuntáiste. Toisc an líon ollmhór atreoruithe, ní féidir an caighdeán céanna seirbhíse a sholáthar. Lasmuigh de na limistéir faoi mhíbhuntáiste seo, ní féidir leis an mBord freagairt ach do leanaí atá as láthair ar feadh 60 lá nó níos mó, nó nuair nach bhfuil siad ag freastal ar an scoil in aon chor.

Idirghabháil luath

Tugann gach fianaise le fios gur éifeachtaí agus gur fearr go mór an idirghabháil luath ná an idirghabháil nuair atá nós déanta den asláithreacht. Leagadh an bhéim go dtí seo ar sheirbhís a sholáthar do leanaí a bhfuil fadhbanna seanbhunaithe acu cheana féin. Is leis seo a bhíonn teaghlaigh agus scoileanna ag súil. Níl sé ar chumas an Bhoird freagairt do dheacrachtaí a thagann chun cinn ag tús shaol na leanaí.

Straitéisí coisctheacha

Ní raibh sé indéanta tabhairt faoin obair choisctheach nach mór do scoileanna, teaghlaigh agus daoine eile sa phobal tabhairt faoi chun dearcadh níos dearfaí a chothú maidir le freastal scoile. Tá ról lárnach ag an mBord tacú le scoileanna agus iad a fhorbairt chun go nglacfaidh siad le straitéisí atá níos réamhghníomhaí maidir le leanaí a choinneáil ar scoil agus an asláithreacht a laghdú. De réir dlí, ba chóir go ndáilfí Oifigeach Leasa Oideachais ar gach scoil. Níl sé seo indéanta faoi láthair, áfach.

Leanaí 16/17 bliain d'aois a fhágann an scoil chun tosú ag obair

De réir dlí, ní mór dóibh siúd atá 16 agus 17 bliain d'aois clárú leis an mBord sular féidir leo an scoil a fhágáil agus tosú ag obair. Ní raibh sé d'acmhainn an chuid seo den Act a chur sa tsiúl. An cuspóir a bhaineann leis an gcuid seo den Acht ná a chinntiú go leanann fágálaithe scoile le sórt éigin oideachais do dtí go bhfuil 18 bliain d'aois bainte amach acu.

Bonneagar an Bhoird a fhorbairt

Chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as an bhfoireann tosaigh, beidh gá ag an mBord cur lena bhonneagar sna réimsí seo a leanas: teicneolaíocht faisnéise, taighde agus forbairt, bailiú sonraí le haghaidh pleanála agus measúnaithe agus pleanáil straitéiseach. Ní mór acmhainní daonna agus córais riaracháin a fhorbairt freisin.

6. Aidhmeanna do 2006

Chuir an Bord aidhmeanna áirithe amach roimhe do 2006, ag teacht lena Phlean Straitéiseach:

- Seirbhís a chur ar fáil sna contaetha nach bhfuil seirbhís ar fáil iontu faoi láthair.
- Múnlaí seirbhíse den chleachtas is fearr a fhorbairt, lena bheith mar bhunús ar a dtógfar aon phleanáil agus forbairt seirbhíse amach anseo.
- Líon iomlán na gcás a laghdú i ngach limistéar.
- Príomhailt an Achta Oideachais (Leas) nach bhfuil á gcur i bhfeidhm faoi láthair a chur i bhfeidhm.
- Cumas riaracháin, teicniúil agus taighde an bhoird a dhaingniú, ionas gur féidir an bonneagar riachtanach a chur ar fáil don eagraíocht atá ag forbairt.

7. Riachtanais chun na haidhmeanna seo a bhaint amach

An soláthar foirne riachtanach do 2006 ná caoga (50) post sa bhreis, agus astu siúd dáilfear daichead a sé (46) d'fhonn seirbhís a sholáthar go díreach do leanaí, do theaghlaigh agus do scoileanna. Bainfear feidhm as ceithre (4) phost chun an bonneagar riaracháin agus acmhainní daonna riachtanach a dhaingniú.

Dáilfear na poist mar seo a leanas:

Sórt post	**Líon post**
Oifigigh Leasa Oideachais	37
Oifigigh Leasa Oideachais Shinsearacha	9
Tacaíocht Chléireachais	4

Bainfear feidhm as na poist Oifigeach Leasa Oideachais chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Rochtain seirbhíse a sholáthar do leanaí agus do scoileanna i ngach contae.
- An líon iomlán cás a laghdú.
- Straitéisí a fhorbairt chun déileáil le riachtanais ar leith ag grúpaí áirithe sa phobal mar shampla, leanaí an Lucht Siúil, luathfhágálaithe scoile.
- Straitéisí coisctheacha a fhorbairt agus a thástáil.

8. An Costas

Tabharfaidh an 50 ball foirne breise atá á iarraidh ag an BNLO do 2006 líon iomlán na ndaoine fostaithe go 164 agus astu siúd beidh 145 ag plé go díreach le soláthar seirbhíse. An costas iomlán do bhuiséad 2006 atá á mholadh ná €14,001,831. Sin méadú €6,163,831 nó 78% ar ár mbuiséad reatha €7,838,000 do 2005.

Tá briseadh síos sonrach ar an mbuiséad atá á iarraidh do 2006 in Aguisín 3.

AGUISÍN 1

FREASTAL SCOILE I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IARBHUNSCOILEANNA

ACHOIMRE AR NA TORTHAÍ Ó THUAIRISCÍ BLIANTÚLA AR THINREAMH SCOILE A CHUIR SCOILEANNA ISTEACH DON SCOILBHLIAIN 2004/2005

Réamhrá

Go dtí 2004, ní raibh sonraí náisiúnta ag Éirinn ar leibhéil freastail scoile na ndaltaí inár scoileanna. Chuathas i ngleic leis an ábhar seo leis an Acht Oideachais (Leas) 2000, a chuir dualgas ar gach scoil tuairisc a chur faoi bhráid an BNLO ar leibhéil freastail scoile.

I 2004, chuir BNLO tús le bailiú agus anailís ar an gcéad chnuasach sonraí freastail scoile d'Éirinn, maidir leis an scoilbhliain 2003/2004. Iarradh ar scoileanna áireamh a dhéanamh ar an líon iomlán laethanta a raibh dalta as láthair, an líon daltaí a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá, agus an líon daltaí a díbríodh as an scoil.

Tá na sonraí ón anailís ar aischuir 2004/2005 leagtha amach sna táblaí thíos. Léiríonn na torthaí ón dá bhliain chomh forleathan agus atá an fhadhb neamhfhreastail agus an fhreagairt ar ghá a thabhairt air sin. Tá na leibhéil freastail scoile iomlána agus an céatadán leanaí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá comhsheasmhach leis an figiúirí do 2003/2004, cé gur tháinig feabhas beag ar an scéal.

Tábla 1: Leibhéil Freastail Scoile go Náisiúnta

	Bunscoileanna	**Iarbhunscoileanna**
Freastal Scoile	94.2% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta	91.6% nó 14 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	10% nó 1 as 10	18.8% nó beagnach 1 as 5

Tábla 2: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile sna hIarbhunscoileanna faoin Míbhuntáiste is lú agus sna hIarbhunscoileanna faoin Míbhuntáiste is mó

Iarbhunscoileanna	**Míbhuntáiste is lú**	**Míbhuntáiste is mó**
Freastal Scoile	94.2% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta	87.0% nó 21 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	9.2% nó 1 as 11	34.8% nó níos mó ná 1 as 3

Tábla 3: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile in Iarbhunscoileanna i Limistéir RAPID agus in Iarbhunscoileanna i Limistéir Neamh-RAPID

Iarbhunscoileanna	**Limistéir RAPID**	**Limistéir Neamh- RAPID**
Freastal Scoile	90.7% nó 15.5 lá as láthair ar an meán do gach dalta	91.8% nó 13.5 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	22% nó 1 as 4.5	18.1% nó 1 as 5.5

Tábla 4: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile i Scoileanna atá Rannpháirteach sa Chlár Críochnaithe Scoile agus i Scoileanna nach bhfuil páirteach ann.

Iarbhunscoileanna	**Clár Críochnaithe Scoile**	**Gan a bheith páirteach sa Chlár Críochnaithe Scoile**
Freastal Scoile	88.1% nó 20 lá as láthair ar an meán do gach dalta	92.1% nó 13 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	30.6% nó beagnach 1 as 3	17.1% or 1 as 6

Tábla 5: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile i mBunscoileanna i Limistéir RAPID agus Bunscoileanna i Limistéir Neamh-RAPID

Bunscoileanna	**Limistéir RAPID**	**Limistéir Neamh-RAPID**
Freastal Scoile	91.9% nó 15 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.4% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	19.0% nó beagnach 1 as 5	9.3% nó beagnach 1 as 11

Tábla 6: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile i mBunscoileanna Uirbeacha

Bunscoileanna	**Míbhuntáiste is Lú**	**Míbhuntáiste is Mó**
Freastal Scoile	94.9% nó 9 lá as láthair ar an meán do gach dalta	90.5% nó 17 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	6.9% nó 1 as 14	24.2% nó beagnach 1 as 4

Tábla 7: Difríocht idir Leibhéil Freastail Scoile i mBunscoileanna Tuaithe

Bunscoileanna	**Míbhuntáiste is Lú**	**Míbhuntáiste is Mó**
Freastal Scoile	95.2% nó 9 lá as láthair ar an meán do gach dalta	94.5% nó 10 lá as láthair ar an meán do gach dalta
Céatadán de Dhaltaí as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó	5.9% nó 1 as 16	9.4% nó beagnach 1 as 11

Tábla 8: Ráta Freagartha ó Scoileanna

Bunscoileanna	83.9%
Iarbhunscoileanna	76%

AGUISÍN 2

OBAIR AN BHOIRD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS

An tAcht Oideachais (Leas) 2000

Cuireann an tAcht Oideachais (Leas) 2000 creatlach nua ar fáil chun an freastal rialta scoile a chothú agus chun dul i ngleic le fadhbanna asláithreachta agus luathfhágála scoile.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO)

Bunaíodh an Bord faoin Acht Oideachais (Leas) agus seoladh é go náisiúnta i mí na Nollag 2003. Tá feidhm reachtúil ag an BNLO a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoil nó go gcuirtear oideachas ar an leanbh ar bhealach éigin eile. Chomh maith leis sin, tá freagracht ar an tseirbhís i leith leanaí a bhfuil oideachas á chur orthu in áit seachas scoil aitheanta, mar shampla sa bhaile, agus tá freagracht ar an tseirbhís freisin i leith daoine óga a fhágann an scoil ag aois a 16 chun tosú ag obair.

Faoin Acht, ní mór d'Oifigeach Leasa Oideachais feidhmiú más rud é go dtuairiscíonn scoil go raibh dalta as láthair ar feadh 20 lá nó nuair atá imní ar an scoil faoi fhreastal scoile an dalta. Braithfidh an beart a dhéantar ar na cúinsí i ngach cás ar leith. Lasmuigh de limistéir RAPID*, déanfaidh na hOifigigh Leasa Oideachais cúram leantach de chásanna ‘práinneacha’ nó de ‘ghéarchásanna’ áit a bhfuil leanaí as láthair ar feadh 60 lá nó níos mó, nó i gcásanna nach bhfuil áit scoile ag an dalta nó má díbríodh as an scoile é/í, agus nuair atá gné cúraim nó cás cúirte ag baint leis.

Seirbhís Pobal-Bhunaithe

Ceapadh 94 ball foirne go dtí seo, 83 acu siúd bainteach leis an soláthar seirbhíse sna cúig limistéar. Faoi láthair tá na hOifigigh Leasa Oideachais ag obair sna limistéir RAPID* a bhaineann leis na 6 phríomhchathair agus 12 baile réigiúnacha. Ar fhoireann an BNLO a dhéanann an soláthar seirbhíse tá 5 bhainisteoir réigiúnacha, 61 Oifigeach Leasa Oideachais, 12 Oifigeach Leasa Oideachais Shinsearacha agus 5 phost chléireachais. Tá aonar déag ag obair sa cheannoifig.

Ag deireadh Mheán Fómhair 2005, bhí 7,900 cás idir lámha ag an mBord, sin tuairim is 108 cás in aghaidh an oifigigh.

Achoimre ar Ghníomhaíocht Oibre: Eanáir go Meán Fómhair 2005

Limistéar BNLO	Cásanna Nua	Cuairt-eanna Scoile	Cuairt-eanna Baile	Litreacha chuig Tuismith-eoirí	Cruinnithe le Gníomh-aireachtaí eile	Comh-chomhairle Cáis faoi Acht na Leanaí	Fógraí Dlíthiúla Eisithe	Láith-reachas sa Chúirt
Cathair Átha Cliath	**2616**	**1193**	**2085**	**2590**	**512**	**62**	**7**	**0**
Laighean Thuaidh	**2646**	**836**	**1836**	**1595**	**497**	**29**	**11**	**0**
Laighean Theas	**1416**	**542**	**1137**	**1586**	**343**	**20**	**0**	**0**
Mumhan	**1523**	**1152**	**1780**	**2520**	**453**	**18**	**13**	**1**
Iarthar/Iarthuaisceart	**785**	**444**	**852**	**1084**	**252**	**18**	**0**	**3**
IOMLÁN	**8986**	**4167**	**7690**	**9375**	**2057**	**147**	**31**	**4**

Limistéir BNLO	Cásanna @ tús Eanáir 05	Cásanna Nua	Cásanna Dúnta	Cásanna @ tús Mheán Fómhair 05	Oifigigh Leasa Oideachais
Cathair Átha Cliath	**4764**	**2616**	**4186**	**3194**	**22**
Laighean Thuaidh	**947**	**2646**	**2744**	**849**	**14**
Laighean Theas	**1778**	**1416**	**1621**	**1573**	**14**
Mumhan	**1196**	**1523**	**1230**	**1489**	**14**
Iarthar/Iarthuaisceart	**1275**	**785**	**1265**	**795**	**9**
IOMLÁN	**9960**	**8986**	**11046**	**7900**	**73**

AGUISÍN 3

BUISÉADAÚ D'FHONN DIFRÍOCHT A DHÉANAMH

Leis an 50 ball foirne nua atá á iarraidh ag an BNLO do 2006 bheadh 164 duine fosaithe leis an mBord ar an iomlán, 145 díobh a bheidh bainteach go díreach le soláthar seirbhíse. San áireamh sa líon sin tá 20 ball foirne a bhfuarthas maoiniú dóibh cheana féin i mbuiséad na bliana seo ach nach bhfuarthas cead earcaíochta dóibh. An costas iomlán atá molta do bhuiséad 2006 ná €14,001,831. Sin méadú €6,163,831 nó 78% ar an mbuiséad reatha €7,838,000 do 2005.

Léiríonn an chostáil thíos na costais reatha go léir don eagraíocht do 2006, ag glacadh leis go gceadaítear na hacmhainní soláthar foirne breise atá á lorg i mbuiséad 2006.

Riachtanais Bhuiséid 2006

Ceannteideal Buiséid	**Costas 2006 €**
Iomlán na gCostas Foirne	8,950,476
Earcaíocht & Oiliúint	571,282
Taisteal & Cothabháil	500,000
Forchostais Chóiríochta	1,157,645
Teicneolaíocht Faisnéise	982,355
Cumarsáid	730,944
Taighde	533,591
Dlíthiúil, Gairmiúil & Árachas	305,538
Soláthairtí Oifige	270,000
Iomlán 2006	**14,001,831**
Iomlán 2005	7,838,000
Buiséad Breise	6,163,831
% de Mhéadú	78%